

## Polasaí Frithbhulaíochta

### 1. Réamhrá:

I gcomhréir leis an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus leis na treoirlínte a d'eisigh NEWB maidir le cód iompair, tá Bord Bainistíochta Phobalscoil Chorca Dhuibhne tar éis glacadh leis an bpolasaí frithbhulaíochta seo thíos laistigh de chreatlach chód iompair na scoile. Tá an polasaí seo ag teacht go hiomlán leis na ceanglais atá leagtha síos in *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile* a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2013.

### 2. Príomhphrionsabail an dea-chleachtais

Aithníonn an Bord Bainistíochta cé chomh tromchúiseach is atá an bhulaíocht agus an droch-thionchar is féidir léi a imirt ar shaol na ndaltaí. Geallann an scoil, dá réir, cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta agus chun é a chosc:

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
  - ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine atá éagsúil agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
  - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh; agus
  - ina gcuirtear caidrimh atá bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aici;
- Straitéisí oideachais agus coiscthe a bheith curtha chun feidhme (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
  - a chothaíonn comhbhá, meas agus athléimneacht sna ndaltaí; agus
  - a théann i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.
- Maoirseachta agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (leana n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus

- Meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá an beartas frithbhulaíochta.

### 3. Sainmhíniú ar bhulaíocht

Ag teacht le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile* déantar sainmhíniú ar bhulaíocht mar seo a leanas:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na saghsanna iompair bhulaíochta seo a leanas sa sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, cúlchaint mhailíseach agus saghsanna eile caidreamh bulaíochta,
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallaíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais oideachais speisialta aici/aige.

Ní áirítear sa sainmhíniú seo iompar diúltach nach ndearnadh ach uair amháin, lena n-áirítear teachtaireacht téacs mhaslach nó goilliúnach, nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Mar sin féin, i gcomhthéacs an pholasáí seo, áirítear mar bhulaíocht an méid seo a leanas: teachtaireacht nó íomhá nó ráiteas mailíseach nó goilliúnach a chur suas go poiblí ar shuíomh gréasáin sóisialta nó ar fhóram poiblí eile áit ar féidir le daoine eile é a fheiceáil agus/nó a chur ar aghaidh, fiú más eachtra é nach ndearnadh ach uair amháin.

Pléifear le hiompar diúltach eile, nach dtagann faoin sainmhíniú seo ar bhulaíocht, de réir chód iompair na scoile.

Tá breis eolais ar na saghsanna difriúla bulaíochta i Rannóg 2 in *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile*.

### 4. Na múinteoirí cuí:

Is iad na múinteoirí a dhéanfaidh fiosrú ar agus a dhéileálfaidh le bulaíocht ná:

- Baill an Choiste Frithbhulaíochta
- Na hOidí Bliana
- An Príomhoide Tánaisteach
- An Príomhoide

## 5. Straitéisí Oideachais agus Coiscthe:

Is iad seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe a úsáidfeadh sa scoil (san áireamh anseo tá straitéisí atá dírithe go speisialta ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach agus trasfóbach): Féach Aguisín A dos na straitéisí ar leith a úsáideadh i 2013/14

- Bearta chun feacht a mhúscailt lena chinntiú go bhfuil comhthuiscint ag pobal uile na scoile ar cad is iompar bulaíochta ann.
- Cuirtear straitéisí ar fáil chun fonn a chur ar na daltaí féin dul i ngleic le fadhbanna nuair a thagann siad chun cinn d'fhonn comhbhá, meas agus athléimneacht a chothú iontu.
- Déileáiltear go sonrach le bulaíocht atá bunaithe ar aitheantas.
- Cuirtear deiseanna ar fáil sa Chlár Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (RSE) chun réimsí ar nós gnéasacht agus caidrimh a chíoradh agus a phlé, réimsí a bhfuil baint ar leith acu le bulaíocht bunaithe ar aitheantas.
- Spreagtar daltaí chun páirt a ghlacadh i gcláracha seach-churaclaim d'fhonn féinmheas a chothú i ndaltaí agus luach dearfach a bheith acu orthu féin. Cuirtear ar fáil raon leathan d'imeachtaí seach-churaclaim do na daltaí ar fad sa scoil.
- Déileáiltear go sonrach le cibearbhulaíocht mar atá leagtha amach in Aguisín A.
- Déantar cúram de na riachtanais atá ag daltaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trína chinntiú go gcuirtear san áireamh iad sa Chlár Aistrithe Scoile, ar clár 10 seachtaine é a oibrítear do dhaltaí rang 6 i rith na bliana sula dtagann siad isteach go dtí Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Anuas air sin, déanann na múinteoirí ón Roinn Riachtanais Speisialta comhordanú cúramach ar an aistriú ón mbunscoil go dtí an mheánscoil agus d'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo cuairteanna ar an scoil i rith na bliana sula dtagann an dalta isteach. Cothaíonn sé seo féinmhuinín agus taithí ar an bhfoirgneamh agus ar dhaltaí eile. Cuirtear béim ar leith ar chothú scileanna sóisialta, féinmhuinín agus féinmheas a fhorbairt. Tugann ár gCúntóirí Riachtanais Speisialta an-chabhair dúinn ó thaobh bulaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gceist a aithint idir na daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu agus iad i ngrúpaí beaga, ach chomh maith leis sin, idir na daltaí sin agus an gnáthghrúpa daltaí. Freastalaíonn daltaí le Riachtanais Speisialta ar na gnáthranganna chomh mór agus is féidir. Déantar monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn daltaí le Riachtanais Speisialta i ngach réimse forbartha – scileanna chun déileáil le deacrachtaí, scileanna saoil agus scileanna cumarsáide san áireamh.
- Cothaítear meon aigne a léiríonn meas ar chách i múineadh na n-ábhar ar fad agus

bítear ag súil ó gach múinteoir go gcuirfidh siad rompu; (lch28) an luach a bhaineann le héagsúlacht a chur ar a súile do dhaltaí; dul i ngleic le claontacht agus steiréitíopáil agus a thaispeáint nár cheart riamh glacadh le hiompar bulaíochta. Mar shampla, sa Bhéarla, baintear úsáid as ábhar litríochta éagsúil chun plé a dhéanamh ar cheisteanna atá bainteach le bulaíocht agus steiréitíopáil. In Civil, Social and Political Education (CSPE), leagtar béim ar idirspéachas daoine i bpobail ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sa Tír Eolas agus sa Stair, baintear úsáid as tagairtí don choilíneacht, dúshaothrú agus deachtóireachtaí chun na droch-thréithe a bhaineann le cumhacht a léiriú. In ábhair ar nós Ealaín, Drámaíocht, Reiligiún agus Corpoideachas cuirtear comhoibriú chun cinn chomh maith le hiarrachtaí ghrúpa i spóirt foirne, clubanna agus cumainn scoile agus trí mheán ábhair phraiticiúla. Is minic a bhíonn deiseanna den scoth ar fáil i ngníomhaíochtaí spóirt chun ionsaitheacht a úsáid ar mhaithe le rud fiúntach a bhaint amach agus chun féinsmacht a fhoghlaim.

- Tá maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach daltaí i bhfeidhm d'fhonn déileáil le bulaíocht agus d'fhonn í a chosc. Tá córas maith maoirseachta i bhfeidhm ar bhonn róta. Aithnítear 'áiteanna teo' agus 'amannta teo' ar nós 11.00 am, agus cuirtear an fhoireann ar an eolas fúthu agus déanann siad monatóireacht orthu ar bhonn leanúnach.

## 6. Gnásanna chun teagmhais bhulaíochta a thairfeadh agus a imscrúdú go comhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus straitéisí idirghabhála;

Tá gnásanna na scoile chun teagmhais bhulaíochta a imscrúdú, obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus a thairfeadh mar aon leis na straitéisí bunaithe idirghabhála ag teacht le Treoiríní na Roinne Oideachais, agus bunaithe, den chuid is mó, ar Chlár Frithbhulaíochta Sheáin Fallon.

Leagtar amach in Agusín B na gnásanna a leantar i gcás **imscrúdú, obair leantach agus tairfeadh teagmhais bhulaíochta mar aon le straitéisí idirghabhála agus ceapadh iad ag leanúint na dtreoiríní thíos**

- (i) Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdú aige/aici ná aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin (seachas milleán a chur);
- (ii) Agus imscrúdú ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a breithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas ab fhearr déileáil leis an bhfadhb;

- (iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairisc gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo. Ar an tslí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú bulaíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an mhuinín sin a chothú i measc na ndaltaí. Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuairiscíonn siad teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach;
- (iv) Ní mór an fhoireann neamhtheagaisc – rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta, coimhdírí iompar scoile, airígh, glantóirí – a spreagadh chun aon teagmhas d'iompar bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha;
- (v) Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin;
- (vi) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus thuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá;;
- (vii) Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó thuismitheoirí dóibh;
- (viii) Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideacht gach duine atá bainteach leis a chosaint;
- (ix) Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go híogair ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D'fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint dhíreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin;
- (x) Agus anailís á déanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cad chuige? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach.
- (xi) Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile;
- (xii) Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna a d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an múinteoir;
- (xiii) D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos;
- (xiv) I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le thuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú dóibh (le

tagairt do bheartas na scoile). Ba cheart go dtabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlí ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadú;

- (xv) I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó s an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi nó air;
- (xvi) Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil;
- (xvii) Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thabhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann tairbhe theiripeach a bheith ag gabháil le cruinnithe mar sin;
- (xviii) I gcásanna ina measann an múinteoir ábhartha nár caitheadh go leordhóthanach leis an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis di/dó a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha é sin a thaifead sa teimpléad taifeadta a chuirtear ar fáil in **Aguisín 3** (Féach Roinn 6.8.10 (iii))
- (xix) Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh:
- 34
- Cibé ar scoireadh den iompar bulaíochta ó shin;
  - Cibé ar réitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
  - Cibé an bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
  - Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile;

(xx) I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir;

(xxi) I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé sásta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí.

### **Gnásanna chun iompar bulaíochta a thaifeadadh**

- (i) Bíodh is go gcaithfear gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm i dtaobh bulaíochta, a imscrúdú agus go gcaithfidh an múinteoir ábhartha déileáil leo, bainfidh an múinteoir ábhartha leas as a breithiúnas gairmiúil i dtaca leis na taifid de na tuairiscí sin a bheidh le coinneáil, na bearta a dhéanfar agus aon phlé leo siúd atá bainteach leis an mbulaíocht maidir leis an gcéanna;

- (ii) Má fhaigheann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ní mór don mhúinteoir ábhartha taifid scríofa a choimeád chun cabhrú léi/leis an cheist a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta.
- (iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad tuairiscithe in Aguisín 3 a úsáid chun an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sna cásanna seo a leanas:
- (iv) a) i gcásanna ina measann sé/sí nár díriodh go leordhóthanach ná go cuí ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta; agus  
b) i gcás inar chinn an scoil, mar chuid dá bheartas frithbhulaíochta, go gcaithfear iompar bulaíochta a thaifeadadh i gcásanna áirithe agus é a thuairisciú láithreach don Phríomhoide nó don Leasphríomhoide, faoi mar a bheadh.

I ngach ceann de chásanna (a) agus (b) thuas, ní mór an teimpléad taifeadta in **Aguisín 3** a chomhlánú ina iomláine agus ní mór don mhúinteoir i dtrácht é a choimeád agus cóip a chur ar fáil don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide, faoi mar a bheadh. Ba cheart é a nótáil nach gciallaíonn an amlíne chun iompar bulaíochta a thaifeadadh sa teimpléad taifeadta ag **Aguisín 3** nach féidir leis an múinteoir ábhartha dul i gcomhairle leis an bPríomhoide nó an Leas-Phríomhoide ag céim níos luaithe i dtaca le cás.

### **Bulaíocht mar chuid de chontanam iompair**

Tá sé tábhachtach, leis, a thabhairt ar aird go bhféadfann iompar bulaíochta a bheith ina chuid de chontanam iompair seachas ina ghníomh neamhspleách agus i gcásanna áirithe féadfaidh an t-iompar iompú ina ionsaí nó ina chiapadh tromchúiseach fisiciúil nó gnéasach. Chun a chinntiú go ndéileáiltear le cásanna den sórt sin go cuí, ní mór foráil a dhéanamh i mbeartas frithbhulaíochta na scoile le haghaidh nascacht chuí leis an gcód iompair agus chun cásanna a tharchur chuig gníomhaireachtaí agus údarais sheachtracha, nuair is cuí. I gcásanna ina bhfuil údar tromchúiseach inní ag an scoil i dtaobh iompar dalta, ba cheart comhairle a lorg ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

### **Cásanna tromchúiseacha a tharchur chuig FSS**

- I dtaca le bulaíocht sna scoileanna foráiltear in Tús Áite do Leanaí – Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Páistí, 2011 (Tús Áite do Leanaí) agus sna Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna "i gcásanna ina dtarlaíonn teagmhas tromchúiseach agus ina bhféachtar ar an iompar mar iompar a d'fhéadfadh a bheith mí-úsáideach, ní mór don scoil dul i gcomhairle le Seirbhís Sóisialta FSS do Leanaí agus do Theaghlaigh d'fhonn freagairt chuí a dhréachtú, ar nós plean bainistíochta".
- Ba cheart teagmhais thromchúiseacha d'iompar bulaíochta a tharchur, faoi mar atá leagtha síos in Tús Áite do Leanaí agus sna Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna, chuig Seirbhís Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus/nó na Gardaí, faoi mar a bheadh.
- Foráiltear, leis, sna Gnásanna um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-

bhunscoileanna go gcaithfidh an Teagmhálaí Ainmnithe comhairle a lorg ó Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS i gcás ina bhfuil údar inní ag pearsanra scoile mar gheall ar pháiste ach nach bhfuil siad cinnte ar cheart an caso a thuirisciú d'FSS.

## 7. Clár tacaíochta

Seo a leanas Clár tacaíochta na scoil do dhaltáí a ndearnadh bulaíocht orthu;

- Cuirtear comhairleoireacht ar fáil do dhaltáí a ndearnadh bulaíocht orthu d'fhonn bhféinmheas a mhéadú, a scileanna cairdis agus sóisialta a fhorbairt agus athléimneacht a chothú iontu.
- D'fhéadfadh comhairleoireacht a bheith de dhíth ar dhaltáí a ghabhann d'iompar bulaíochta chun gur féidir leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a shárú.
- Daltáí a thugann teagmhais d'iompar bulaíochta faoi deara, ba cheart iad a spreagadh chun na teagmhais sin a phlé le múinteoirí.

## 8. Maoirseacht agus monatóireacht ar Dhaltáí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

## 9. An Ciapadh a chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an \_\_\_\_\_ [dáta].

Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltáí

ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltáí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: \_\_\_\_\_ Síniú: \_\_\_\_\_

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

(Príomhoide)

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: \_\_\_\_\_

## Aguisín A

Straitéisí Oideachais agus Coiscthe

2013/14

I measc na mbeartas chun feasacht a mhúscailt bhí:

Cur i láthair leis an Dr. Marie Griffin, UCC do na ranganna ar fad sa scoilbhliain 2012/13 ar an gcibearbhulaíocht.

Bealtaine 2013 – Cur i láthair le Seán Fallon don fhoireann ar fad.

Lúnasa 2013 – Achoimre ar chur i láthair Sheáin Fallon le Elaine Ní Loinsigh don fhoireann ar fad agus ina dhiaidh sin, coiste a chur ar bun le múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta.

Cruinnithe coiste chun straitéisí chun feasacht a mhúscailt a leagadh amach agus gnásanna a chun déileáil le líomhaintí bulaíochta.

Cuirtear foireann na scoile ar an eolas mar gheall ar an bpolasaí frithbhulaíochta i slite éagsúla lena n-áirítear:

- (a) Cóip den pholasaí a bheith ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile;
- (b) Cóip den pholasaí a bheith mar chuid de Lámhleabhar na Múinteoirí a thugtar do gach ball den mbuíon teagaisc gach bliain;
- (c) Cóip den pholasaí a bheith mar chuid den leagan giorraithe de Lámhleabhar na Múinteoirí a thugtar don fhoireann sealadach teagaisc, múinteoirí ionaid agus ábhar múinteoirí;
- (d) Tuairisc ghonta ón gCoiste Frithbhulaíochta a thabhairt ag gach cruinniú foirne;
- (e) Cuntas gearr ar phlean frithbhulaíochta an téarma, mar atá aontaithe ag an gCoiste Frithbhulaíochta, a chur ar aghaidh chuig gach ball foirne tríd an ríomhphost. San áireamh ann tá treoracha do na múinteoirí úd atá bainteach le seachadadh ghnéithe ar leith den phlean, a chinntiú go bhfuil eolas á roinnt go comhsheasmhach le daltaí agus an scoil ar fad a bheith bainteach leis.

Daltaí

- Le linn na bliana leanann gach rang sa scoil cláracha SPHE a bhfuil ceist na bulaíochta mar chuid dóibh. Anuas air sin:

- Meán Fómhair - labhraíodh leis na daltaí ar fad maidir le clár nua frithbhulaíochta a bheifear á chur i bhfeidhm sa scoil (ranganna SPHE agus Gnó 4)
- Pléadh an clár nua leis na “Ceannairí” agus iarradh aiseolas orthu.
- Deireadh Fómhair – Rinneadh staidéar ar dhán ar an mbulaíocht i ngach rang Béarla sa scoil.
- Deireadh Fómhair – taispeánadh DVD ó Seán Fallon’s antibullyingcampaign.ie do gach rang sa scoil sa tréimhse ama céanna. An t-ábhar a bhí sa bhfíseán ná an éifeacht a bhíonn ag an mbulaíocht, agus go háirithe ag an gcibearbhulaíocht. Tugadh ceistneoir do na daltaí a bhí bunaithe ar an scannán tar éis dóibh féachaint air.
- Díritear go sonrach ar bhulaíocht atá bunaithe ar aitheantas sna cláracha SPHE/RSE. Chomh maith leis sin, taispeántas póstaerí LGTB agus eolas ar chláracha fógraí.
- Táthar tar éis díriú ar chibearbhulaíocht:
  - (a) Cur i láthair leis an Dr. Marie Griffin, UCC do gach rang sa scoilbhliain 2012/13
  - (b) Tá Pádraig Ó Dubhaigh tar éis labhairt le ranganna ríomhaireachta bhl. 1.
  - (c) ECDL – bl.4 agus 5 – módúil 7 bainteach le sábháilteacht ar-líne
  - (d) Cur i láthair ó na Gardaí do Bl. 1 agus 2
  - (e) DVD – Seán Fallon
- Thug an grúpa amharclannaíochta Cyclone taispeántas ar bhulaíocht, agus ceardlann ina dhiaidh.
- Tugadh amach suirbhéanna ginearálta ranga maidir leis an mbulaíocht do gach rang. Tugadh aiseolas ginearálta leis do na ranganna ar na ceistanna a d’ardaigh na daltaí.
- Freastalaítear ar dhaltaí le riachtanais speisialta sa chlár SPHE. Anuas air sin, leagtar béim ar thacú go sóisialta le Daltaí le Riachtanais Speisialta chomh maith le forbairt féinmheasa agus féinmhuiníne.

### Tuismitheoirí

- Tá cóip den Pholasáí Frithbhulaíochta ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile;
- Téitear i gcomhar le Comhairle na dTuismitheoirí agus an polasaí á dhréachtadh/athbhreithniú;
- D’eagraigh Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí cruinniú eolais ar an bhfrithbhulaíocht do thuismitheoirí dhaltaí bunscoile agus meánscoile an cheantair;
- Baintear úsáid as na cruinnithe eolais bliantúla a bhíonn ann do Bhliain 1, 3 agus 4 chun an polasaí frithbhulaíochta a chur i gcuimhne do thuismitheoirí agus chun a chur i gcuimhne dóibh gur “scoil frithbhulaíochta” í seo.

## Aguisín B

### Imscrúdú, obair leantach agus taifeadadh ar iompar bulaíochta agus straitéisí idirghabhála

1. D'fhéadfaí ceist faoi bhulaíocht a chur faoi bhráid duine de mhúinteoirí ábhartha na scoile faoi mar atá liostáilte i Rannóg 4. D'fhéadfadh go dtiocfadh an t-eolas ó fhoinsí éagsúla:

- (a) Dalta ar leith
- (b) Ball foirne ar leith
- (c) Tuismitheoir ar leith
- (d) Ceannairí bh1.6
- (e) Baill de Chomhairle na Mac Léinn
- (f) Bosca frithbhulaíochta san oifig
- (g) Suirbhéanna ginearálta ranga ar bhulaíocht
- (h) Ball den phobal

2. Nuair a fhaightear tuairisc ar bhulaíocht a d'fhéadfadh a bheith i gceist, d'fhéadfaí cuid de na céimeanna seo thíos, nó iad ar fad, a leanúint san imscrúdú:

(a) Ceistneoir ar bhulaíocht a dhéanamh sna ranganna ina bhfuil an duine líomhnaithe agus an t-íospartach. Bítear ag súil breis eolais a fháil ó na suirbhéanna seo.

(b) Cuirtear ar aghaidh “Foláireamh Teannais” chuig na baill foirne ar fad chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht orthu siúd atá bainteach.

(c) Cuirtear faoi agallamh an duine líomhnaithe agus an t-íospartach mar gheall ar an eachtra/na heachtraí.

(d) Cuirtear daltaí eile faoi agallamh.

(e) Cuireann gach duine atá bainteach ráiteas scríofa mar gheall ar an eachtra ar fáil.

3. Nuair a dheimhnítear gur tharla iompar bulaíochta féadfar cuid de na céimeanna seo a thógaint, nó iad ar fad:

(a) Ofráiltear tacaíocht don bulaí agus don íospartach araon, ó threoirchomhairleoir na scoile, ón séiplíneach nó ó sheirbhísí lasmuigh den scoil.

4. Labhraítear leis an mbulaí agus tugann sé/sí gealltanas gan a bheith bainteach le hiompar bulaíochta amach anseo. Má bhíonn an dalta seo bainteach le hiompar bulaíochta arís

caithfidh na tuismitheoirí a ngealltanas féin a thabhairt maidir le hiompar bulaíochta a sheachaint

- (b) Cuirtear tuismitheoirí an íospartaigh ar an eolas faoin eachtra. De réir Threoirlínte Frithbhulaíochta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Roinn 6(xvi) léireofar do gach seit daltaí agus tuismitheoirí gur in aon chás ina bhfuil gá le gnímh smachtaithe, gur ceist phríobháideach í idir an daltaí atá á smachtú, a t(h)uismitheoirí agus an scoil.
- (c) Cuirtear “Foláireamh Bulaíochta” chuig gach ball foirne chun a chinntiú go ndéantar a thuilleadh monatóireachta orthu siúd atá bainteach leis an eachtra.
- (d) D’fhéadfadh a thuilleadh monatóireachta agus a thuilleadh agallamh leis an dá pháirtí a bheith i gceist mar chuid den obair leantach.
- (e) Má leantar leis an iompar bulaíochta idir an dá pháirtí déanfaidh an múinteoir ábhartha é sin a thaifeadh in Aguisín C.

